

# An Ciste Carbóin
Tuarascáil Bhliantúil 2021





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Achoimre | 2 |
| Cúlra | 3 |
| Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a thomhas | 4 |
| Ceannacháin carbóin gcloífaí leis an Chéad Tréimhse Geallantais Phrótacal Kyoto (2008-2012) | 4 |
| Oibleagáid na hÉireann faoi Chinneadh an AE maidir le Comhroinnt Díchill go 2020 | 5 |
| An Eoraip measta chun na spriocanna astaíochtaí iomlána a chomhlíonadh | 6 |
| Dul chun cinn na hÉireann maidir lena spriocanna astaíochtaí a chomhlíonadh | 6 |
| Rialúchán Comhroinnte Dhíchill (2021-2030) | 7 |
| Ceannacháin agus Diúscairtí 2021 | 7 |
| Ráitis Airgeadais | 8 |

# Achoimre

Tugann meastacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) do 2013-2020 ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le fios go mbeidh bearnaí comhlíonta roimh Éirinn maidir lena spriocanna faoin gCinneadh Comhroinnte Díchill (ESD) an AE. Is laghdú 20% d'astaíochtaí i gcomparáid le leibhéil 2005 é sprioc na hÉireann i 2020. Tugann réamhmheasúnuithe le fios go bhfuil astaíochtaí ESD (na hearnálacha talmhaíochta, iompair agus cónaithe go príomha) i 2020 7% faoi bhun na n-astaíochtaí i 2005. Le linn na tréimhse tugtar le fios go meastar go sáróidh Éire a hoibleagáidí comhlíonta go carnach faoi choibhéis that ar 12 milliún tonna dé-ocsaíd charbóin (Mt $CO_2$ eq)[1].

Cé go bhfuil deireadh tagtha leis an tréimhse (2013-2020), is cosúil go mbeidh sonraí astaíochtaí deiridh agus athbhreithniú ar chomhlíonadh ag an gCoimisiún Eorpach an bhliain seo chugainn.

Tá aonaid charbóin ceannaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), ar threoir ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá sé seo mar chuid den straitéis chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí comhlíonta don tréimhse. I rith na bliana 2021, cheannaigh GBCN 1,425,716 aonad laghdaithe Astuithe Deimhnithe (CERanna)[2].

In 2021 bhí ceanglas ann aonaid a thabhairt suas. Géilleadh 5,288,933 aonad san iomlán chun oibleagáidí na hÉireann faoi thimthriall EU ESD don bhliain 2019 a chomhlíonadh.

Ba é líon na gcreidmheasanna carbóin a bhí sa chiste amhail ag deireadh 2021 ná 3,621,708. Táthar ag súil go ngéillfear roinnt díobh seo le haghaidh comhlíonta mar chuid den timthriall deiridh faoin ESD don bhliain 2020.

Sonraítear in alt 6 den Acht um an gCiste Carbóin 2007:

"A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid na Gníomhaireachta, tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil don Aire faoina gníomhaíochtaí i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá tarmligthe di faoin Acht seo le linn na bliana lena mbaineann agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas."

Is í seo an cúigiú tuarascáil déag don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoin Acht um an gCiste Carbóin, agus cumhdaítear an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 inti.

---

1 GCC: Astuithe Sealadacha Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann Deireadh Fómhair 2021. Leathanach 6 https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/Irelands-Provisional-Greenhouse-Gas-Emissions-report-1990-2020_finalv2.pdf

2 Ligeann an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM) gur meicníocht cúitimh carbóin é a tugadh isteach i bPrótacal Kyoto, do chruthú Aonaid Laghdú Astaíochtaí Deimhnithe. Le teacht ar níos mó eolais agus sonraí faoi na cineálacha difriúla aonaid carbóin agus an Mheicníocht Ghlanforbraíochta féach ar "Tuarascáil Ciste Carbóin 2007" https://www.ntma.ie/publications/carbon-fund-annual-report-2007; agus "Achievements of the CDM: Harnessing Incentive for Climate Action 2001-2018" https://unfccc.int/sites/default/files/resource/UNFCCC_CDM_report_2018.pdf

# Cúlra

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007.Ba é an cuspóir a bhí leis ná chun Aonaid Kyoto agus ionstraimí agus sócmhainní ar bith eile dá leithéid a cheannach thar ceann an Stáit. Is chun oibleagáidí idirnáisiúnta um athrú aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1992 maidir leis an Athrú Aeráide, faoi Phrótacal Kyoto 1997 leis an gCoinbhinsiún sin agus faoi chomhaontaithe sa todhchaí nach mór don Stát a chomhlíonadh a bhí mar aidhm ag seo. Tá sé beartaithe go bhforlíonfadh na haonaid a ceannaíodh sa chiste gníomhaíocht maolaithe intíre.

Rinneadh bainistíocht an Chiste a tharmligean chuig GBCN. Ainmníodh GBCN mar an ngníomhaí ceannaigh chomh maith chun na creidmheasanna riachtanacha a cheannach. Déantar tagairt do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Leanann GBCN ag bainistiú an chiste agus ag ceannach aonad mar a threoraítear le hoibleagáidí na hÉireann faoi Chinneadh maidir le Comhroinnt Díchill an AE.

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Ceanglaítear ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht") leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007 (arna leasú) (an "tAcht") ráitis airgeadais a ullmhú i dtaca le hoibríochtaí an Chiste Carbóin do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Ghníomhaireacht:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a cur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí é sin a dhéanamh;
- imeacht ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na cuntais go léir is cuí agus is gnách i dtaca le feidhmíocht a feidhmeanna a tarmligeadh chuici nó a tugadh di a choinneáil i cibé foirm atá forordaithe faoi Alt 5 den Acht. Soláthróidh an Ghníomhaireacht, nuair a iarrfar uirthi amhlaidh a dhéanamh i gcomhréir leis an Acht, ráitis airgeadais dá leithéid agus cibé faisnéis maidir leis na ráitis airgeadais sin mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as na sócmhainní atá faoina rialú agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



## Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a thomhas

Is é Dé-ocsaíd Charbóin ($CO_2$) an gás ceaptha teasa is coitianta agus úsáidtear tona $CO_2$ mar an aonad coitianta tomhais. Dá bhrí sin tá gach Aonad Carbóin coibhéiseach le tona $CO_2$. Déantar GCTanna eile a thomhas mar choibhéisí dí- ocsaíde carbóin ($CO_2$e) i gcomhthéacs a bPoitéinsil Téimh Dhomhanda (GWP) thar thréimhse 100 bliain. De réir sainmhínithe, tá GWP 1 ag $CO_2$. Féach Tábla 1 chun tuilleadh eolais a fháil.

**Tábla 1[3]**

| | GWP-100 |
|---|---|
| Dí-ocsaíd charbóin ($CO_2$) | 1 |
| Meatán ($CH_4$) | 21 |
| Ocsaíd Nítriúil ($N_2$Oanna) | 310 |
| Hidreafluaracarbóin (HFCanna) | 140 – 11,700 |
| Sárfhluaracarbóin (PFCanna) | 6,500 – 9,200 |
| Sulfar Heicseafluairíd ($SF_6$) | 23,900 |

## Ceannacháin carbóin gcloífaí leis an Chéad Tréimhse Geallantais Phrótacal Kyoto (2008-2012)

Bhí líon infheistíochtaí i gceist le haonaid carbóin a sholáthar i straitéis na hÉireann le riachtanais laghdú astaíochtaí carbóin Phrótacal Kyoto a bhaint amach.

### Cistí Ilthaobhacha

Idir 2006 agus 2007, chuir Rialtas na hÉireann infheistíochtaí i dtrí chiste ilthaobhach i bhfeidhm.

Ba iad seo:

- An Ciste Iltaobhach um Chreidhmeasanna Carbóin (MCCF)[4]arna bhunú ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha;
- An Ciste Carbóin don Eoraip an Bhanc Domhanda (CFE)[5];
- An Ciste Bithcharbóin an Bhanc Domhanda.[6]

Bhí na hinfheistíochtaí seo ann roimh an Chiste Carbóin agus ról an GBCN agus deánann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad a bhainistiú go díreach. Ach coinnítear na haonaid a fhaightear ó na hinfeistíochtaí seo sa Chiste Carbóin. Tugadh suas aonaid a fuarthas[7] ó infheistíochtaí i gcistí ilthaobhacha nuair tharla an t-idirbheart deirneach ón chéad tréimhse gealltanais i 2015 agus tugadh chun tosaigh chuig an chéad tréimhse eile iad siúd nár tugadh suas.

Faoi dheireadh 2021 ní bheidh aon ghealltanais eile le híoc leis na trí chiste iltaobhacha. Tá na trí cinn acu dúnta anois, agus ba é Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda an ceann is déanaí a dúnadh in 2021.Nuair a dúnadh an ciste seo, thug an Banc Domhanda an t-airgead atá fágtha ar ais do na rannpháirtithe. Fuair Éire €415,114.97 i mí na Samhna 2021, a cuireadh ar ais chuig an Státchiste.

### Ceannacháin Díreacha

Mar a thug an Rialtas sainordú, cheannaigh an GBCN 5,255,000 aonad carbóin le linn 2008 agus 2009. Tar éis an titim i ngníomhaíocht eacnamaíoch le linn na gearrchéime eacnamaíche i 2008 agus an laghdú in astaíochtaí carbóin de bharr gur chuir an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil mar a bhí ann ansin (an an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide anois) an clár ceannacháin ar fionraí i 2009. Tugadh na creideamheasanna nár húsáidiú, iad sin ceannaithe ag GBCN, ar aghaidh. Bhí sé ar intinn go n-úsáidfí iad maidir le gealltanais na hÉireann sa tréimhse 2013-2020 faoin ESD atá mar pháirt de Phacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus um Athrú Aeráide 2020 an AE[8].

3 UNFCC: https://unfccc.int/process/transparency-and-reporting/greenhouse-gas-data/greenhouse-gas-data-unfccc/global-warming-potentials
4 Tá an Banc Eorpach Infheistíochta i bpáirtíocht le EBAF leis an CICC a bhainistiú; tá comhaontú na hÉireann le EBAF amháin. Tá an ciste seo dúnta anois.
5 Dúnadh an Ciste Carbóin don Eoraip go foirmiúl in mí Aibreáin 2018.
6 Dúnadh Ciste Bithcharbóin an Bhanc Domhanda i 2021.
7 Bá iad ERU, AAU and tCERanna na haonaid Carbóin a furthas ó na cistí seo. Le níos mó eolais agus sonraí a fháil faoi na cineálacha difriúla aonaid carbóin féach ar: "Tuarascáil Ciste Carbóin 2007" https://www.ntma.ie/ga/publications/tuarascail-bhliantuil-an-chiste-carbain-2007.
8 Le haghaidh níos mó eolais faoin tréimhse gealltanais roimh seo féach ar:
Chapter 9, Report on the Accounts of the Public Services 2018. Greenhouse gas related financial transaction. Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
https://www.audit.gov.ie/en/Find-Report/Publications/2019/2018-Annual-Report-Chapter-9-Greenhouse-gas-related-financial-transactions.pdf

## Oibleagáid na hÉireann faoi Chinneadh an AE maidir le Comhroinnt Díchill go 2020

Chuir an Pacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus um Athrú Aeráide 2020 roimhe cinntiú go gcomhlíonann an AE a spriocanna aeráide agus fuinnimh don bhliain 2020 tríd reachtaíocht ceangailteach; laghdú 20% in astaíochtaí gáis ceaptha teasa (ó léibhéil 1990) agus sciar 20% de fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite. Cé go bhfuil deireadh leis an tréimhse sin, tugtar go dtí tar éis 2022 do na Ballstáit na figiúirí deiridh a chur isteach agus aonaid a thabhairt suas más gá.

Bhí dhá eochairpháirt den Phacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus um Athrú Aeráide le cinntiú go gcomhlíonfaidh an AE na spriocanna sin:

### A Córas AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS)

Bhí na hastaíochtaí tionscail cumhdaithe faoi scéim "teorannaithe agus trádála" astaíochtaí na hEorpa do mhórthruaillitheoirí – EU ETS. Faoin gcóras, rialaíodh 41% d'astaíochtaí GCT an AE in earnálacha lena n-áiríodh na tionscail tráchtála, eitlíochta, táirgeadh alúmanaim asgu eastóscacha agus diancheimiceáin[9]. Tigadh spriocanna astaíochtaí agus lamháltais dhíreacha do na comhlachtaí lena mbainistiú iad féin. Ghlac os cionn 100 gléasra Éireannach páirt sa scéim.

### B Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill (ESD)[10]/ Spriocanna náisiúnta um laghdú astaíochtaí

Bhunaigh an Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill spriocanna astaíochtaí gáis ceaptha teasa 2020 do Bhaill Stáit an AE, Éire san áireamh. Ba do earnálacha nach raibh san EU ETS, amhail iompair (seachas eitlíocht), tithíocht, talmhaíocht agus dramhaíl, na spriocanna.

Is é sprioc na hÉireann laghdú 20% a dhéanamh ar astaíochtaí na n-earnálacha nach bhfuil sa Chóras i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (neamh-ETS) i gcomparáid le leibhéil 2005, agus tá spriocanna bliantúla ceangailteacha leagtha amach do gach bliain thar an tréimhse 2013-2020. Tá seo i gcomparáid le meán-laghdú 10% an AE. Is í sprioc na hÉireann, chomh maith leis an Danmhairg agus Lucsamburg, an sprioc laghdaithe 2020 is éilithí leithdháilithe ar Baill Stáit an AE faoin ESD.

Déantar cur síos i dTábla 2 ar na híos-spriocanna le haghaidh gach tíre.

**Tábla 2**

| Teorainneacha astaíochtaí GCT na mBallstát in 2020 i gcomparáid le leibhéil astaíochtaí GCT 2005 | |
|---|---|
| An Danmhairg | -20% |
| **Éire** | **-20%** |
| Lucsamburg | -20% |
| An tSualainn | -17% |
| An Ísiltír | -16% |
| An Ostair | -16% |
| An Fhionlainn | -16% |
| An Ríocht Aontaithe | -16% |
| An Bheilg | -15% |
| An Ghearmáin | -14% |
| An Fhrainc | -14% |
| An Iodáil | -13% |
| An Spáinn | -10% |
| An Chipir | -5% |
| An Ghréig | -4% |
| An Phortaingéil | 1% |
| An tSlóivéin | 4% |
| Málta | 5% |
| Poblacht na Seice | 9% |
| An Ungáir | 10% |
| An Eastóin | 11% |
| An Slóvaic | 13% |
| An Pholainn | 14% |
| An Liotuáin | 15% |
| An Laitvia | 17% |
| An Rómáin | 19% |
| An Bhulgáir | 20% |

9 Suíomh idirlíon Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) an Choimisiún Eorpaigh https://ec.europa.eu/clima/policies/ets_en
10 Comhroinnt Díchill: Spriocanna astaíochtaí Baill Stáit, suíomh idirlíon an Choimisiún Eorpaigh https://ec.europa.eu/clima/policies/effort_en

## An Eoraip measta chun na spriocanna iomlána astaíochtaí a chomhlíonadh

Meastar go bhfuil na spriocanna foriomlána do 2020 bainte amach ag an Aontas Eorpach. Dar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('EEA')[11] ó 1990 i leith tá laghdú seasta ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa san AE. In 2020, measadh go raibh laghdú thart ar 30% tagtha ar astuithe i 27 mBallstát an AE faoi bhun leibhéil 1990. Is ionann é seo agus róghnóthachtáil shuntasach den laghdú spriocdhírithe 20%.

Ní hionann na héachtaí sin de réir tíre, agus meastar go mbeidh leibhéil astaíochta níos ísle ná a sprioc náisiúnta bainte amach ag 21 Ballstát. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na tíortha eile (an Bhulgáir, an Chipir, an Fhionlainn, an Ghearmáin, Éire agus Málta) úsáid a bhaint as solúbthachtaí chun a gcuspóirí a chomhlíonadh.[12]

Laghdaigh Paindéim Covid-19 astaíochtaí GHG in 2020 ach tá baint amach sprioc an AE ag teacht freisin ó iarrachtaí leanúnacha le deich mbliana anuas.

## Dul chun cinn na hÉireann maidir lena spriocanna astaíochtaí a chomhlíonadh

Tugann fardal agus réamh-mheastacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le fios go mbeidh bearnaí comhlíonta roimh Éirinn maidir lena spriocanna faoin gCinneadh Comhroinnte Díchill (ESD) don tréimhse 2013-2020.

Léiríonn meastacháin luatha ar thionchar srianta COVID ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 2020 laghdú de 3.6% in astaíochtaí foriomlána agus 2.8% in astaíochtaí a chumhdaíonn an ESD (earnálacha talmhaíochta, iompair agus cónaithe go príomha) i gcomparáid le hastaíochtaí 2019. Taifeadadh laghduithe ar astaíochtaí le 6 bliana anuas.

Mar sin féin, fiú agus tionchar na paindéime curtha san áireamh, ní bhainfidh Éirinn na spriocanna do 2020 amach. Meastar go mbeidh astaíochtaí ESD ag 7% faoi bhun na n-astaíochtaí i measúnú 2005 (in aghaidh sprice 20% faoi bhun leibhéil 2005)[13].

Tá astaíochtaí le linn na tréimhse ocht mbliana seo tréithrithe ag dhá eatramh éagsúla. Le linn na tréimhse ó 2013 go 2015 bhí astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi spriocanna na Comhroinnte Díchill. Ach fuair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur sháraigh Éire a teorainneacha ceangailteacha bliantúla ar feadh cúig bliana as a chéile ó 2016 go 2020. Léiríonn meastacháin 2020 easnamh bliantúil de 6.2 Mt $CO_2$ eq[14].

Le linn na tréimhse 2013-2020 tugtar le fios go meastar go sáróidh Éire a hoibleagáidí comhlíonta go carnach faoi choibhéis dé-ocsaíd charbóin 12 milliún tonna (Mt $CO_2$ eq).

11 European Environment Agency: Trends and Projections in Europe 2021. Deireadh Fómhair 2021
https://www.eea.europa.eu/publications/trends-and-projections-in-europe-2021

12 European Environment Agency: Trends and Projections in Europe 2021. Deireadh Fómhair 2021
https://www.eea.europa.eu/publications/trends-and-projections-in-europe-2021

13 GCC: Ireland's Provisional Greenhouse Gas Emissions 1990-2020. Deireadh Fómhair 2021
https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/Irelands-Provisional-Greenhouse-Gas-Emissions-report-1990-2020_finalv2.pdf

14 GCC: Ireland's Provisional Greenhouse Gas Emissions 1990-2020. Deireadh Fómhair 2021
https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/climate-change/air-emissions/Irelands-Provisional-Greenhouse-Gas-Emissions-report-1990-2020_finalv2.pdf

**Tábla 3 Spriocanna agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ESD na hÉireann 2013-2020**

| Astaíochtaí agus Spriocanna (Mt $CO_2$ eq) | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 (Sealadach) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Astaíochtaí neamh-ETS Iomlán | 42.2 | 41.7 | 43.0 | 43.8 | 43.8 | 45.4 | 45.7 | 44.4 |
| Spriocanna Cinneadh maidir le Comhroinnt | 46.9 | 45.8 | 44.6 | 43.5 | 40.9 | 39.8 | 38.7 | 37.7 |
| Fad go Sprioc | -4.7 | -4.1 | -1.6 | 0.3 | 2.9 | 5.6 | 6.9 | 6.7 |
| **Fad Carnach go Sprioc (Mt $CO_2$ eq)** | **-4.7** | **-8.8** | **-10.4** | **-10.1** | **-7.1** | **-1.6** | **5.3** | **12.0** |

*Nóta: Tá athbhreithniú deánta ar shonraí 2013 go 2019, agus comhlíonadh aontaithe, ag an gCoimisiún Eorpach. Is figiúr sealadach é figiúr 2020.*
*Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.*

Cé go bhfuil deireadh tagtha leis an tréimhse (2013-2020) anois, is dóigh go ndéanfar sonraí astaíochtaí deiridh agus athbhreithniú comhlíonta ag an gCoimisiún Eorpach tar éis 2022[15]. Meastar go dtarlóidh an géilleadh deiridh do chomhlíonadh ESD do na haonad carbóin a choinnítear sa Chiste Carbóin nuair a thabharfar é seo chun críche.

## Rialúchán Comhroinnt Díchill (2021-2030)

Tháinig deireadh le spriocanna an Stáit i dtaca le Comhroinnt Díchill an AE i 2020, ag an bpointe sin leanann an Rialúchán Comhroinnt Díchill é. Leagann an rialúchán, ar glacadh leis i mí na Bealtaine 2018, amach spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla ceangailteacha do Bhaill Stáit don tréimhse 2021-2030, na blianta sin san áireamh.

Socraíonn an rialachán sprioc ceangailteach laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair de 40% ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Caithfidh earnálacha sonraithe den gheilleagar nach gcumhdaíonn ETS an AE astaíochtaí a laghdú 30% faoi 2030 i gcomparáid le 2005 mar a rannchuidiú leis an sprioc foriomlán. Tá a spriocanna aonair féin ag gach ballstát.Is é sprioc reatha na hÉireann maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ná laghdú 30% faoi 2030 i dtaca le leibhéil 2005.

Ar 14 Iúil 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach sraith tograí reachtacha ina leagtar amach conas a bheartaíonn sé neodracht aeráide a bhaint amach san Aontas faoi 2050, lena n-áirítear an sprioc idirmheánach de laghdú glan 55% ar a laghad ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi 2030, i gcoibhneas le leibhéil 1990. Moltar sa phacáiste roinnt píosaí de reachtaíocht aeráide an AE a athbhreithniú, lena n - áirítear CTA AE, an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, reachtaíocht iompair agus úsáide talún, ina leagtar amach na bealaí ina bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún spriocanna aeráide an AE a bhaint amach faoin gComhaontú Glas Eorpach.[16]

## Ceannacháin agus Diúscairtí 2021

I mí na Samhna 2019, thug an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil treoir don GBCN an clár ceannaigh creidmheasa carbóin a athghníomhachtú chun aonaid a cheannach i dteannta leo siúd atá i seilbh cheana féin.

Le linn na bliana féilire 2020, cheannaigh an NTMA 1,117,466 aonad laghdaithe astaíochtaí deimhnithe (CERanna). Ceannaíodh 1,425,716 aonad eile in 2021.

Bhí ceanglas ann freisin aonaid a ghéilleadh in 2021. Géilltear 5,288,933 aonad CER san iomlán chun oibleagáidí na hÉireann faoi thimthriall Cinnidh an AE um Chomhroinnt Díchill (ESD) don bhliain 2019 a chomhlíonadh.

Ba é líon na gcreidmheasanna carbóin a bhí sa chiste amhail ag deireadh 2021 ná 3,621,708. Táthar ag súil go ngéillfear roinnt díobh seo le haghaidh comhlíonta mar chuid den timthriall deiridh faoin ESD don bhliain 2020.

15 Implementation of the Effort Sharing Decision.
https://ec.europa.eu/clima/policies/effort/implementation_en
16 Coimisiún Eorpach: Effort Sharing 2021-2030
https://ec.europa.eu/clima/eu-action/effort-sharing-member-states-emission-targets/effort-sharing-2021-2030-targets-and-flexibilities_en

# Raitis Airgeadais

## an Chiste Carbóin

### Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 10 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 13 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 15 |
| Cuntas an Chiste | 16 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 17 |






# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht") bainisteoir an Chiste Carbón (the "an Ciste"). Tá sonraí thíos faoi chóras um rialú inmheánach airgeadais na Gníomhaireachta.

## Raon feidhme Freagrachta

Thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht") aithnímid freagracht na Gníomhaireachta as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Áiríonn an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus gan dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá creat bainistíochta riosca agus rialachais foirmeálta in áit ag an Ghníomhaireacht, deartha le tacú le bainistíocht onnghníomhach riosca. Leagann Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus Creat Inghlacthachta Riosca na Gníomhaireachta le chéile amach a struchtúr agus a próisis inghlacthachta riosca agus bainistíochta riosca agus sonraíonn siad róil agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Tá maoirseacht agus cuntasacht deiridh ag an Ghníomhaireacht i dtaca le bainistíocht riosca agus cuireann sí treoir ar fáil tríd an Bheartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus tríd an Chreat Inghlacthachta Riosca a fhaomhadh. Ina dhiaidh sin, deimhníonn an Ghníomhaireacht í féin ar bhonn leanúnach go bhfuil bainistíocht fheidhmeannach ag freagair mar is cuí do rioscaí agus go bhfuil cuidiú á thabairt di ag an Choiste Iniúchta agus Riosca (ARC), a dhéanann monatóireacht ar chloí le rialachas agus inghlacthacht riosca agus a chinntíonn go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú.

I 2021, tá ceithre chomhalta den Ghníomhaireacht ar an ARC, le saineolas airgeadais agus iniúchta, is duine acu an Chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile go foirmiúl naoi n-uaire i 2021.

Déanann an Choiste Bainistíochta Riosca Fiontair ("CBRF") maoirsiú ar maoirseacht ar bhainistíocht éifeachtach riosca agus comhlíonta trí athbhreithniú agus/nó faomhadh a dhéanamh ar phríomhchreataí agus ar bheartais riosca, monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus rialuithe na heagraíochta agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpróifíl riosca fhoriomlán agus ar rioscaí straitéiseacha.

Foilsíodh agus cuireadh an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus Creat Inghlacthachta Riosca na Gníomhaireachta, a nuashonraíodh i 2021, in iúl do gach ball foirne atá le cloí le na riachtanais ann. Thacaigh clár oiliúna riosca agus feasachta le daingniú bainistíocht riosca le linn na tréimhse tuairiscithe.

## Creat Riosca agus Rialaithe

ThSolathraíonn an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta, tacaithe ag an Chreat Inghlacthachta Riosca, na polasaithe agus próisis le gur féidir príomhrioscaí a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus atá tacaithe ag sraith polasaithe bainistíochta riosca.

Coinníonn gach aonad gnó aonaoir agus gníomhaíochtaí gnó cláir riosca ina dhéantar a bpríomhrioscaí agus rialúcháin a thaifead agus freagracht as oibríocht na rialúcháin a tugadh. Déanann gach gnó faoi seach athbhreithniú ar na cláir seo dhá uair sa bhliain agus dearbhaíonn úinéirí na rialúchán na gníomhaíochtaí gnó agus rialúcháin atá leagtha amach iontua. Rinne na coistí riosca cuí athbhreithniú ar na cláir riosca le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne an ARC athbhreithniú freisin ar phríomhrioscaí na Gníomhaireachta sa tréimhse tuairiscithe, bunaithe ar chleachtadh measúnaithe riosca ón mbarr anuas

a rinne an ERMC ar thacaigh cleachtadh ón mbun aníos ag na haonaid ghnó agus na feidhmeanna corparáideacha leis.

Tá timpeallacht rialaithe bunaithe ag an Ghníomhaireacht, lena bhfuil seo a leanas mar pháirt de:

- Tairmligeann Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta freagrachtaí údaráis agus airgeadais do bhainistíocht agus fhoireann na Gníomhaireachta tríd úsáid údaráis tairmligthe a thugann sainmhíniú ar a bhfreagrachtaí údaráis agus airgeadais le gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta.
- Tá polasaithe agus nósanna imeachta forbartha aici i dtaca le bainistiú phríomhghnéithe a gníomhaíochtaí. Athbhreithníonn úinéirí na ngnóthaí seo na polasaithe agus nósanna imeachta agus nuashonraítear iad le hailíniú le nósanna imeachta gnó.
- Tá córais airgeadais cuí agus córais bainistíochta buiséid, a chuimsíonn rialúcháin cuntais iníoctha chomh maith le gnáthtuairisciú ar chostais na Gníomhaireachta agus ar mhonatóireacht ar chostais i gcoinne buiséid chuig an Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin.
- Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe aici le tacú lena hoibligeáidí tuairiscithe seachtracha agus reachtúla i dtaca lena gnóithe.
- Tá córais bunaithe, nósanna imeachta agus rialúcháin ar fáil lena sócmhainní gnó ag cuimsiú sócmhainní réadmhaoine, trealaimh agus feithicle a bhainistiú agus a chosaint
- Glacann sí céimeanna réasúnta uilig a mheastar bheith cuí le heolas agus coráis lena n-áirítear rúndacht, sláine agus barántúlacht an eolais stóráilte ar choráis na Gníomhaireachta a chosaint agus riosca rochtain gan údarú ar eolas ó fhoinsí inmheánnacha agus seachtracha a íoslaghdú. Baintear an chosaint seo amach tríd cur i bhfeidhm caighdeáin, polasaithe agus rialúcháin aitheanta.
- Bhunaigh sé beartas agus nósanna imeachta riosca tríú páirtí chun rioscaí a bhaineann le tríú páirtithe a mheasúnú agus a bhainistiú, lena n-áirítear faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí criticiúla.
- Tá Creat um Chibearchosaint bunaithe aici le sainaithint, tomhas agus bainistiú na rioscaí cibear ar a bhféadfaí an Ghníomhaireacht bheith neamhchosanta a éascú. Tá Oiliúint Feasachta Gnáthfhoirne ar chibear-rioscaí curtha in áit do ghach ball foirne na Gníomhaireachta.
- Tá creat leanúnach ghnó aici le hiarracht a dhéanamh cinntiú gur féidir leis an Ghníomhaireacht cnámha scéil trioblóidigh a bhainistiú, áitreach teagmhais a sholáthar, príomhchórais a aisghabhadh, agus gnáthoibríochtaí gnó a thosacht arís go pras.

### Covid-19

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19 lean an GBCN ag feidhmiú i dtimpeallacht ríomhoibriú den chuid is mó le linn 2021 (de réir eagraíochtaí comhchosúla agus treoirlínte rialtais), agus cuireadh athruithe gaolmhara ar phróisis agus rialuithe i bhfeidhm agus doiciméadaíodh de réir mar is gá chun an t-athrú seo a éascú. Lean Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha GBCN ag plé faoi aon athruithe ábhartha ar an timpeallacht riosca agus rialaithe agus ar phríomhphróisis ghnó a d'eascair as tionchar Covid-19 mar chuid den phróiseas féinmheasúnaithe riosca agus rialaithe leathbhliantúil. Rinneadh tionchar Covid-19 agus an timpeallacht ríomhoibriú a phlé sa Mheasúnú Riosca Straitéiseach GBCN 2021. Tá na príomhrialaithe inmheánacha, iad siúd atá ann cheana agus iad siúd a tugadh isteach mar fhreagairt ar phaindéim Covid-19, fós éifeachtach.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Tá próisis bunaithe ag an Ghníomhaireacht do mhonatóireacht agus athbhriethniú leanúnach ar eifeachtacht na rialúchán atá curtha i bhfeidhm tríd a múnla trí-líne-chosanta, ina n-áirítear:

- Is leis an chéad líne, a chuimsíonn aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha na Gníomhaireachta, úinéireacht na rioscaí a bhaineann le ghníomhaíochtaí gnó agus atá freagrach go príomha as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil. Áiríonn seo cur i bhfeidhm agus monatóireacht ar chloí le polasaithe bainistíochta riosca agus fonn riosca na Gníomhaireachta, féinmheasúnaithe riosca agus railúcháin a dhéanamh, imeachtaí oibríochtúla a bhainistiú agus freagraí cearta a chur i bhfeidhm. Cuireann siad tuairisc ar fáil do choistí rialachas riosca ar a rioscaí agus rialúcháin agus imeachtaí oibríochtúla.

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (ar lean)

- Cuimsíonn an dara líne feidhmeanna Riosca agud Rialúcháin na Gníomhaireachta agus tá sé neamhspléach ó bahinistíocht agus oibríochtaí na céad líne. Déanann an feidhm Riosca monatóireacht ar cloí le polasaithe bainistíochta riosca ar fud na Gníomhaireachta, ag cur athbhreithniú neamhspléach agus dúshlán don chéad líne ar fáil, agus soláthraíonn sé tuairiscí riosca agus eolas do na coistí rialúcháin riosca éagsúla. Cuireann na hOifigigh fheidhm Comhlíontachta agus Cosanta Sonraí feasacht chun cinn tríd oiliúint, cóid iompair agus polasaithe ábhartha. Soláthraíonn siad tacaíocht, comhairle agus dúshlán neamhspléach don bhainistíocht líne thosaigh agus cuireann siad tuairiscí rialta isteach chuig an CBRF agus an ARC.
- Is Iniúchadh Inmheánach an tríú líne cosanta, a chuireann deimhniú neamhspleách rioscabhunaithe ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, maidir lena rialachas, bainistiú riosca ghinerálta agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh faoi chlár oibre pleanáilte ceadaithe ag an ARC. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairisiciú rialta ar fáil don ARC ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh i gcomhtheacs athbreithnithe déanta agus stádas ceisteanna iniúchta inmheánacha roimhe.

### Soláthar

Tá Beartas Soláthair bunaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna fhoilsiú ar a láithreán gréasáin) agus Nós Imeachta Soláthair. Tagann cleachtais soláthair Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta leis na doiciméid thuasluaite. Tá plean soláthair chorparáidigh ar bun agus á chur chun feidhme, atá bunaithe ar an teimpléid a foilsíodh i gCreatdoiciméad Beartaisna hOifige um Sholáthar Rialtais. Déantar an plean soláthair chorparáidigh a nuashonrú gach bliain.

Athbhreithnítear Beartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair na Gníomhaireacht ar bhonn leanúnach agus nuashonraítear iad nuair atá sé riachtanach.

### Athbhreithniú Bliaintiúil ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus obair na bainistíochta shinsearaí laistigh de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabhái.

Deimhnímid go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2021.

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca leis an Ciste Carbóin maidir le 2021 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta



**Maeve Carton, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Gerardine Jones, Cathaoirleach**
Coiste Iniúchta agus Riosca
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

3 Bealtaine 2022

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ciste Carbóin

### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Chiste Carbóin ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha alt 5 an Achta um Ciste Carbóin 2007. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar iarmhéid an Chiste ag 31 Nollaig 2021, agus
- ar idirbhearta 2021.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**16 Bealtaine 2022**

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí sa ráiteas maidir le freagrachtaí

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 5 an Achta um Chiste Carbóin 2007
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an Chiste ag deireadh na bliana agus idirbhearta na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 5 an Achta um Ciste Carbóin 2007 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Chiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaíochta.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní an Chiste Carbóin | 4 | 2,104 | 92,439 |
| Earraí Infhaighte | 5 | 415 | 266 |
| Dliteanais eile | 6 | (415) | (266) |
| **Glansócmhainní an Chiste** | | **2,104** | **92,439** |

Tá na nótaí gaolmhara ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Maeve Carton, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

3 Bealtaine 2022

# Cuntas an Chiste

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 7 | 1,528 | 463 |
| Sócmhainní ciste a dhiúscairt agus a dhí-aithint | 8 | (91,863) | - |
| Glauiseacht i gCiste le linn na bliana | | (90,335) | 463 |
| Glansócmhainní amhail an 1 Eanáir | | 92,439 | 91,976 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig** | | **2,104** | **92,439** |

Tá na nótaí gaolmhara ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Maeve Carton, Cathaoirleach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

3 Bealtaine 2022

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun Aonaid Kyoto[17] agus ionstraimí agus sócmhainní ar bith eile dá leithéid a cheannach thar ceann an Stáit chun oibleagáidí idirnáisiúnta um athrú aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1992 maidir leis an Athrú Aeráide, faoi Phrótacal Kyoto 1997 leis an gCoinbhinsiún sin agus faoi chomhaontaithe sa todhchaí nach mór don Stát a chomhlíonadh. Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht") mar an ngníomhaí ceannaigh thar ceann an Stáit agus riarann agus bainistíonn sí ceannacháin Aonaid Kyoto.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht na sásraí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- aonaid Kyoto a cheannach díreach ó pháirtithe eile i bPrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail an tSásra cur chun Feidhme Chomhpháirtigh agus an tSásra Ghlain Forbartha
- infheistíocht i gcistí bainistithe
- ceannacháin margaidh dhírigh d'Aonaid Kyoto
- nó comhcheangal de chuid dóibh sin nó dóibh uile.

Is féidir Aonaid bharrachais Kyoto arna seilbh ag an Stát ag deireadh na tréimhse gealltanais 2008- 2012 a úsáid i dtréimhse gealltanas Phrótacal Kyoto ina dhiaidh sin nó i gconradh ar bith ina dhiaidh sin. Cuireadh na hidirbhearta cuntasaíochta deiridh don chéad tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (2008-2012) i gcrích in 2015. Tugadh na creidmheasanna nár úsáideadh anonn chun iad a úsáid chun gealltanais 2020 na hÉireann faoi Phacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus Cinneadh Maidir le Comhroinnt Díchill (ESD) an Aontais Eorpaigh atá mar pháirt de phacáiste Athrú Aeráide 2020 an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Chríochnaigh oibleagáidí an Stáit faoin ESD i 2020, ag an am sin leanfaí Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill é. Leagann an Rialachán, ar glacadh leis i mí na Bealtaine 2018, amach spriocanna astaíochtaí gás ceaptha teasa bhliantúil cengailteacha do ghach Ball Stáit don tréimhse 2021-2030 san áireamh.

Rinneadh feidhmeanna an Aire Airgeadais faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 29 Iúil 2011. Rinneadh feidhmeanna an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi Acht um an gCiste Carbóin 2007 a aistriú chuig an Aire Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil an 22 Iúil 2016, a rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide de i 2020.

## 2. Bunús an Ullmhaithe

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú de réir alt 5(1) den Acht um an gCiste Carbóin 2007 i bhformáid a d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú ón Aire Airgeadais. Aithnítear idirbhearta ag baint úsáide as bunús airgid na cuntasaíochta arna choigeartú le haghaidh fabhruithe do mhéideanna atá dlite agus ó aonáin Rialtais. Is an euro an t-airgeadra tuairiscithe atá curtha in iúl leis an tsiombail €. Sa chás go n-úsáidtear é, cuireann €m milliún in iúl.

---

17 Tá Aonad Kyoto sainithe san Acht um an gCiste Carbóin 2007 mar *"aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin, arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinntí arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto"*. Tugtar creidmheasanna carbóin ar Aonaid Kyoto go ginearálta. Déantar foráil sa reachtaíocht le haghaidh Aonaid Kyoto a dhiúscairt le toiliú an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáid, agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amháin agus
ar cibé téarmaí a shonróidh siad.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. Beartais Chuntasaíochta

### 3.1 Sócmhainní an Chiste Carbóin

Léiríonn sócmhainní an Chiste Carbóin infheistíochtaí iontu seo a leanas:

#### Sealúchais Dhíreacha

Déantar Aonaid Kyoto a cheannaítear a thaifeadadh nuair a sheachadtar iad ar chostais an cheannacháin. Áirítear ar chostas ceannacháin Cáin Bhreisluacha a íocadh agus atá iníoctha i dtaca le ceannach Aonaid Kyoto.

#### Aonaid Kyoto neamhdhíreacha

Déantar infheistíochtaí in aonaid neamhdhíreacha i gcistí bainistithe. Déantar na hinfheistíochtaí sna cistí sin a thaifeadadh ag costas na hinfheistíochta. Baineann infheistíochtaí dá leithéid le tionscadail um laghdú carbóin a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh Aonaid Kyoto a tháirgeadh. Ní bheidh fios cá mhéad aonaid ar fad a bheidh ann go dtí dáta amach anseo nuair a bheidh na tionscadail curtha i gcrích.

D'infheistigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €20 milliún in 2006 sa Chiste Iltaobhach um Chreidhmeasanna Carbóin arna bhunú ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht sin ina cuid den Chiste ach tá na haonaid a tháirgtear leis na tionscadail a rinneadh san áireamh anseo istigh faoi mar a mhínítear i Nóta 4(d).

### 3.2 Cuntas an Chiste

Taifeadtar an t-ioncam carntha a fuarthas nó atá le fáil ón Roinn ábhartha i gCuntas an Chiste. Déantar infheistíochtaí a mhaoiniú ar dtús trí réamhíocaíochtaí inaisíoctha ón gCiste Lárnach faoi alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007 ar feitheamh an t-ioncam sin a fháil.

### 3.3 Airgeadraí Coigríche

Déantar na hidirbhearta ar fad in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dháta na n-idirbheart sin. Déantar gealltanais neamhchistithe le hinfheistíochtaí neamh-euro a aistriú go euro ag baint leas as na rátaí malairte coigríche a bhíonn i réim ag dáta dheireadh na bliana.

### 3.4 Cánachas

Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhaithe ó cháin chorparáide na hÉireann. Tá ceannach Aonaid Kyoto ag an gCiste Carbóin faoi dhliteanas Cáin Bhreisluacha agus dá bhrí sin breathnaítear ar idirbhearta den sórt sin mar sholáthar seirbhíse arna shainiú in Alt 25(1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010. Áirítear CBL a thabhaítear i gcostas ceannaigh shócmhainní an Chiste Carbóin.

### 3.5 Géilleadh sócmhainní/Tabhairt anonn go dtí an chéad Tréimhse Gealltanais eile

Déantar sealúchais dhíreacha aonaid Kyoto a ghéilleadh ag baint úsáide as an gcéad mhodh amach (FIFO) ina ndéantar sócmhainní a ceannaíodh nó a fuarthas ar dtús a dhiúscairt ar dháta an ghéillte.

Dúnadh ciste na ngabháltas indíreach in 2021.Toisc go ngéillfear sealúchais na sócmhainní a gheofar ón gciste ag luach nialasach, d'aithníomar é seo agus rinneamar luacháil dá réir ar an sealúchas indíreach.

Tugtar aonaid dhíreacha agus neamhdhíreacha Kyoto anonn ag costas ón chéad tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (2008 – 2012) le ceangaltais Éireann faoi Phacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus um an Athrú Aeráide 2020 an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

## 4. Sócmhainní an Chiste Carbóin

### (a) Achoimre ar na Sócmhainní

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Sealúchais Dhíreacha | 2,104 | 90,803 |
| Sealúchais Neamhdhíreacha | - | 1,636 |
| | **2,104** | **92,439** |

### (b) Anailís de réir Airgeadra an Cheannaigh

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Euro | 2,104 | 90,803 |
| Dollar SA | - | 1,636 |
| | **2,104** | **92,439** |

### (c) Sealúchais Neamhdhíreacha

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| An Banc Domhanda – Ciste Bithcharbóin | **-** | **1,636** |

Iompraítear sealúchais dhíreacha agus neamhdhíreacha ag costas arb é an costas tosaigh é ar fháil, lena n-áirítear Cáin Bhreisluacha.

Riarann an Ghníomhaíocht íocaíochtaí ar son an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i dtaca le Ciste an Bhainc Domhanda a dhún i 2021. Baineann infhesitíochtaí sa ciste seo le tionscadail a d'fhéadfaí Aonaid Kyoto a shaothrú, ach ní bheidh líon iomlán na n-aonad ar eolas againn go dtí dáta sa todhchaí nuair a chríochnaíonn na tionscadail. Ag 31 Nollaig 2021, ní raibh aon gealltanais gan iarraidh i dtaca le na n-infeistíochtaí seo.

### (d) Creidmheasanna arna Seachadadh agus arna Sealbhú

Líon na gcreidmheasanna carbóin arna seachadadh agus arna sealbhú le Clárlann Aontais an Choimisiúin Eorpaigh amhail an 31 Nollaig:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Ceannaithe go Díreach | 2,909,825 | 6,773,042 |
| Faighte trí Shealúchais Neamhdhíreacha | 711,883 | 711,883 |
| | **3,621,708** | **7,484,925** |

Ar an 31 Nollaig 2021, bhain 30,795 aonad (2020: 30,795) den 3,621,705 aonad (2020: 7,484,925) le creidmheasanna a fuarthas trí infheistíochtaí a rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sular bunaíodh an Ciste Carbóin. Is ionann ceannach i ngabháltais dhíreacha agus ceannacháin díreacha/géilleadh aonad sa tréimhse. Léiríonn gluaiseacht i ngabháltais indíreacha aonaid a fuarthas/a géilleadh d'infheistíochtaí i gcistí i dtréimhsí roimhe seo.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 5. Earraí Infhaighte

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Infhaighte ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | **415** | **266** |

Tá na méideanna atá le híoc leis an gCiste Carbóin dlite faoi Alt 3 (4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007 dlite ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## 6. Dliteanais Eile

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Méideanna dlite leis an Ciste Lárnach | 415 | 220 |
| Méideanna dlite leis an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | - | 46 |
| | **415** | **266** |

Aisíocfar dliteanais eile leis an gCiste Lárnach agus an GBCN nuair a fhaigheann an Ciste Carbóin cistí ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## 7. Ioncam

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Ioncam ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | **1,528** | **463** |

## 8. Sócmhainní ciste a dhiúscairt agus a dhí-aithint

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Géilleadh creidmheasa do shealúchais dhíreacha | (90,227) | - |
| Dúnadh chiste Bith-charbóin an Bhainc Dhomhanda | (1,636) | - |
| | **(91,863)** | **-** |

Le linn 2021, ghéill an Ciste Carbóin 5,288,933 aonad chun oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh faoi thimthriall Chinneadh an AE maidir le Comhroinnt Díchill (ESD) don bhliain 2019. Ní bhfuarthas aon fháltais airgid as an ngéilleadh creidmheasa seo.

Dúnadh Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda in 2021 agus mar thoradh air sin dí - aithnítear an infheistíocht seo d'fháltais €415,115.

## 9. Costais Oibriúcháin

Gearrtar costais oibriúcháin an Chiste Carbóin, atá tabhaithe, ar Chuntas Riaracháin na Gníomhaireachta agus íoctar amach as an gCiste Lárnach iad. Is €niallas (2020: €niallas) an muirear i 2021.

## 10. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh dliteanais theagmhasacha ar bith sa Chiste Carbóin amhail an 31 Nollaig 2021.

## 11. Teagmhais tar éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Ní raibh aon teagmahis ar gá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgid tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 12. Páirtithe Gaolmhara

### (a) An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Faoi Alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe airgead a réamhíoc leis an gCiste Carbóin ón gCiste Lárnach, a aisíoctar ón gCiste Carbóin as airgead a chuireann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fáil.

### (b) An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, déanann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Ciste Carbóin a bhainistiú agus a rialú.

Faoi Alt 2(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, tá bainistíocht an Chiste Carbóin tarmligthe don Ghníomhaireacht.

Faoi Alt 8 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, treoracha nó treoirlínte a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir le feidhmíocht na bhfeidhmeanna a tarmligeadh chuici nó a tugadh di faoin Acht.

### (c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin náisiúnta

Faoi Alt 2(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, tá bainistíocht an Chiste Carbóin tarmligthe don Ghníomhaireacht.

Faoi Alt 8 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, treoracha nó treoirlínte a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir le feidhmíocht na bhfeidhmeanna a tarmligeadh chuici nó a tugadh di faoin Acht.

## 13. Faomhadh na ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais an 3 Bealtaine 2022.

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Duga an Státchiste,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1, D01 A9T8

**T** +353 1 238 4000
**R** info@ntma.ie
**www.ntma.ie**